



TG4 FOGHLAIM

ÁBHAR OIDEACHASÚIL do DHALTAÍ IAR-BHUNSCOILE

Clár Teilifíse / Míreanna ar Líne.

Cuireann TG4 fáilte roimh chomhlachtaí léirithe a bheadh in ann léiriú a dhéanamh ar ábhar a bheadh mar thacaíocht do dhaltaí iar-bhunscoile, go mórmhór iad siúd atá i mbun scrúduithe Ardteiste agus na Sraithe Sóisearaí don scoilbhliain acadúil 2020/21.

Tá roinnt ábhar tacaíochta ar fáil do lucht Ardteiste agus na Sraithe Sóisearaí cheana féin ar shuíomh TG4 Foghlaim, ina measc léirithe físe ar dhánta na hArdteiste, próifílí ar fhilí, naisc chuig Gearrscannáin agus míreanna ó chlár TG4 ar a bhfuil ceachtanna bunaithe orthu. (TG4.ie/Foghlaim). Ba mhaith linn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ábhar don scoilbhliain romhainn amach.

Cuireann muid fáilte roimh mholtaí d'ábhar oiriúnach ó chomhlachtaí léirithe a mbeadh suim acu tabhairt faoina leithéid. Bheadh súil le stíl léiriú a bheadh tarraingteach, mealltach don lucht féachana 14 – 18 bliana, ach a mbeadh bunús láidir oideachasúil leis.

Bheimís ag súil le thart ar 10 - 12 mhír sa tseachtain, a bheadh ar fáil mar chuid de chlár ½ teilifíse in aghaidh na seachtaine; nó mar mhíreanna aonarach ar an Suíomh TG4.ie/foghlaim. Is iad na príomhábhair / príomhthopaicí a bheadh le clúdach ná iad seo a leanas:

- Gaeilge (foghraíocht / saibhriú teanga)
- Gaeilge (Fócas ar phríomhghnéithe chlár na hArdteiste agus na Sraithe Sóisearaí)
- Spotsholas ar shaothair litríochta (agus údair) do Ghaeilge na hArdteiste agus na Sraithe Sóisearaí
- Ranganna rialta le haoi-mhúinteoirí/speisialtóirí ábhair ar leith
- Mír sheachtainiúil in ábhair eile a múintear trí Ghaeilge (Gnó, Eolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Adhmadóireacht, Gairmeacha, Folláine srl.)

Bheadh gá rangú a dhéanamh ar na míreanna a chruthófaí, le cuid áirithe díbh ag díriú ar scoláirí T1 agus cuid eile ar scoláirí T2 i gcmhthéacs na Sraithe Sóisearaí.

Bheadh an t-ábhar a roghnófaí oiriúnach mar mhíreanna thart ar 5'00" – 6'00" le craoladh astu féin ar shuíomh TG4 Foghlaim, nó mar chuid den chlár seachtainiúil. Bheadh an clár seachtainiúil ag feidhmiú mar 'dhiancheacht' nó Grind).

Bheadh cearta saoil treas ardán TG4 ag ábhar faoi bhranda TG4 Foghlaim.

Treimhse 1: 20 Meán Fómhair – 20 Nollaig

Treimhse 2: 10 Eanáir – 20 Aibreán

Ceisteanna

Má tá ceisteanna agat, fáilte teagmháil a dhéanamh le Lís Ní Dhálaigh nó Deirbhile Ní Churraighín in TG4

Tá TG4 i dteagmháil le heagraíochtaí cosúil le COGG agus an Roinn Oideachais agus Scileanna agus beifear ábalta an chomhairle uathusan a roinnt libh.

Ag Teastáil

Seol isteach bunsmainte ina ndéanfar cur síos ar na réimsí seo:

- An cur chuige físe don chlár
- An cur chuige oideachasúil don chlár
- An saineolaí oideachais iar-bhunscoile atá freagrach don gcur chuige Oideachais.
- Léiritheoir / Stiúrthóir an togra.
- An costas in aghaidh na míre / in aghaidh an chláir
- Aon phríomhláithreoir(i) agus aoi/aíonna lárnach(a)

Clár Ama

Déardaoin 24ú Iúil Spriocdháta

Seachtain 27ú Iúil: Roghnúchán.

Tús Lúnasa: Réamhléiriú.

20 Meán Fómhair: Tús craolta / Foilsiú.

Pointí tagartha:

- TG4 Foghlaim
- *BBC Teach & BBC Learn*
- Ábhar múinteoireachta atá á gcrochadh ag oidí agus ag na cumainn ábhar ar chainéil éagsúla na meán sóisialta
- Cainéal Vimeo COGG <https://vimeo.com/user92773077>
- Cainéal Vimeo PDST Teicneolaíocht san Oideachas <https://vimeo.com/user5488638>
- Cainéal YT Éigse Éireann (Poetry Ireland) – clár ‘Behind the Lines’ d’Ardteist an Bhéarla <https://www.youtube.com/user/poetryireland>